

1 Tá go leor cainte faoi bhoilsciú sa tír i láthair na huaire. Ní hé go  
2 bhfuil sé imithe thar fóir ag thart ar a sé faoin gcéad, ach go  
3 bhfuiltear ag tuar cheana féin go bhfuil a cúrsa rite ag ár míorúilt  
4 eacnamaíochta, agus nach raibh sa mhíorúilt sin ó thús ach bolgán  
5 aeir. Is breá le tráchtairí áirithe an drochscéal, faoi nach mbeadh  
6 aon iontaoibh acu dáiríre as ár gcumas féin ár gcúrsaí a riar go  
7 ciallmhar agus go stuama. Ba dhóigh leat ar uairibh gur cineál  
8 féinfhuath a bhí i gceist.

9 Is iontach a bhfuil de shuim á cur ag nuachtáin Shasana sa scéal seo -  
10 iad sin freisin ag rá go bhfuil ár n-eacnamaíocht i mbaol, agus mar a  
11 dúirt an t-amhrán gan 'fáil ar leigheas againn.' Tá a gcúis féin ag na  
12 Sasanaigh a bheith ar an téama seo. Ag déanamh mórála as a  
13 bhfadradharc atá siad, toisc gur fhan siad glan den Euro. Cos istigh  
14 agus cos amuigh a bpolasaí siúd, go bhfeiceann siad céard a tharlóidh  
15 don Euro céanna.

16 Gan amhras is baol é an boilsciú dár gcóras eacnamaíochta. Tá stailc  
17 amháin ar siúl agus tuilleadh ag bagairt orainn. Níor mhaith an tuar  
18 aighneas na ngardaí ná stailc na n-altraí maidir leis sin. Tá córas  
19 maith sa tír seo ina n-aontaítear socruithe náisiúnta pá go  
20 tráthrialta. Tá an Chúirt Oibreachais againn agus an Coimisiún um  
21 Chaidreamh Oibreachais. Ní hé go bhfuil aon chóras foirfe agus is  
22 cinnte go bhfuil dreamanna ann a ndéantar leithcheal orthu ó am go  
23 céile, go minic na dreamanna is mó gátar agus is lú cumhacht. Níor  
24 chóir go dtarlódh sé sin agus ba chóir féachaint chuige nach  
25 dtarlaíonn. Mar sin féin, is ar éigean gur gá d'aon dream dul ar  
26 stailc faoi láthair nuair atá córas cuimsitheach eadrána agus réitigh  
27 ann.

28 Ach chun filleadh ar thráchtairí agus an drochscéal. Bhí alt fada ar  
29 an bpáipéar Sasanach, an *Guardian* le déanaí, agus leathleathanach de  
30 chartún ag gabháil leis, ag tráchtair ar cosúil go bhfuil sé tar éis  
31 filleadh ar an tír seo tar éis deich mbliana a chaitheamh thar lear.  
32 Bhí an t-alt ar maos le searbhas.

33 Ní raibh aon ní in aon chor ina cheart sa tír seo. Bhí ár saol poiblí  
34 uile, ár bpolaiteoirí agus ár gcléir, go háirithe, lofa. Ní raibh  
35 baint dá laghad againn lenár míorúilt eacnamaíochta; ollchomhlachtaí  
36 Meiriceánacha ba chúis leis. Bhíomar ciníoch, agus an ghráin againn ar  
37 theifigh agus ar dhaoine gorma. Ní raibh inár n-iarrachtaí cultúrtha  
38 ach cur i gcéill, athchóiriú ar leaganacha seanchaite den 'Éireannach  
39 Stáitse', cosúil le *Riverdance* agus drámaí le Martin McDonagh. Bhí go  
40 leor eile a bhí ar aon dul leis sin.

41 Nílimid gan locht, seachas dream ar bith eile. Dá luaifí ceann ar bith  
42 de na cúisimh thuas ina aonar, déarfá go raibh bunús leis agus nár  
43 mhiste dúinn aird a thabhairt air. Ach i dteannta a chéile is  
44 féinléasadh a bhí ann, an féinfhuath a luamar níos luaithe. Is é is  
45 measa faoi seo nach eisceacht ar fad mo dhuine. An bhfuil fadhb  
46 seachas fadhb eacnamaíochta againn?

47

48

49

50 **Source: Feasta - Editorial, September 2000, lch 23-25.**